# Polasaí Iontrála 2021

Gaelscoil Inse Chór
Droichead na hInse
Baile Átha Claith 8
D08 NR26
Uimhir Rolla: 19589U

## Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 2/9/2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Gaelscoil Inse Chór leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hIontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht le chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh forlámhas.

## Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

### Aidhmeanna agus Dúnghaois

Bunscoil náisiúnta lán-Ghaelach chomhoideachais le héiteas Caitliceach faoi phátrúnacht Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath is ea Gaelscoil Inse Chór

Bunaíodh an scoil sa bhliain 1977 leis na haidhmeanna seo a leanas:

(a) Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí agus a chur ar a gcumas bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge;
(b) Timpeallacht Ghaelach a chur ar fáil agus dúil sa Ghaeilge agus i saíocht na Gaeilge a chothú i measc na ndaltaí agus na dtuismitheoirí. Is príomhchuspóir de chuid na scoile í an teanga a chothú.

Ciallaíonn 'éiteas Caitliceach' éiteas agus spiorad sainiúil an Eaglais Chaitlicigh Rómhánaigh, a chuireann chun cinn

1. forbairt iomlán na ndaltaí - idir intleachtúil, mhothálach, fhisiciúil, spioradálta, aeistéitiúil agus shóisialta

2. gaol beo le Dia agus le daoine eile
3. fealsúnacht saoil buaithe ar chreideamh i nDia agus saol, bás agus aiséirí Íosa; agus
4. oiliúint na ndaltaí sa chreideamh Caitliceach

Cuirimid oideachas reiligiúnda ar fáil do na daltaí de réir dhúnghaoisí , chleachtais agus thraidisiúin na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus/ nó de réir mar a leagann Comhdháil Easpag na hÉireann amach.

De réir S.15 (2) (b) den Acht Oideachais 1998, seasfaidh Bord Bainistíochta na scoile le, agus beidh sé freagrach don phátrún as, spiorad sainiúil na scoile de réir na luachanna cultúrtha, oideachasúla, mórálta, reiligiúnda , sóisialta, teangúla agus spioradálta a threoraíonn chuspóirí agus reachtáil na scoile.

Is é ár nDúnghaois i nGaelscoil Inse Chór ná sár-oideachas lán-Ghaelach Caitliceach a chur ar fáil do dhaltaí na scoile mar bhunscoil chomhoideachais.

Cuirimid ár nDúnghaois i bhfeidhm trí:

- **(a)** Chothrom na Féinne a thabhairt do Phobal na Scoile ar bhealach cairdiúil, cothrom, réasúnta
- **(b)** bhéim a chur ar fhorbairt Phobal na Scoile mar shaoránaigh d'Éirinn agus den domhan
- **(c)** mheas orainn féin agus ar dhaoine eile agus ar ár gcultúr Gaelach agus ar chultúir eile a chothú.
- **(d)** bhéim a chur ar shábháltacht agus ar shástacht dhaltaí
- **(e)** na daltaí a ullmhú don oideachas iarbhunscoile agus don saol amach rompu

Creidimid go bhfuil na haidhmeanna agus an dúnghaois seo ag teacht le fís an Choiste Bunaithe.

## Ráiteas maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Gaelscoil Inse Chór idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

- (i) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (ii) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (iii) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (iv) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (v) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (vi) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (vii) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (viii) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
- (ix) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar 'foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin',

'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

## Daltaí a Ligean Isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

a. i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)

b. i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin

## Ró-iarratas

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid líon na bpáistí in aon rang ar leith agus sa scoil ina hiomláine a leagadh síos.

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar sna Naíonáin Sóisireacha ná 28.

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar in aon rang-leibhéal Rang 1-6 ná 28.

I gcás ró-éilimh, is mar seo a dháilfear na háiteanna:

## Naíonáin Shóisireacha

Glacfar le hiarratais do pháistí a bheidh 4 bliana d'aois, ar a laghad, roimh an 1 Aibreán don bhliain iarratais.

Is mar seo a chuirfear na hiarrathóirí sa dá chatagóir sin in ord.  Cuifear na hiarrthóirí i ngach fo-chatagóir thíos in ord de réir dáta breithe.

(a) Siblín le dalta atá ag freastal ar an scoil nó le hiardhalta a d'fhreastal ar an scoil (ar feadh dhá bhliain ar a laghad) a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh an 1 Aibreán den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.
(b) Páiste le Múinteoir nó ball de fhoireann na scoile na scoile atá 4 bliana d'aois ar a laghad.

(c) Páistí a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh an 1 Aibreán den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh, a bhfuil ag cónaí sa scoilcheantair mar atá leagtha amach i agúisín 1.

(d) Iarrthóirí eile a fuaireamar roimh an dáta deireannach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh an 1 Aibreán den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.

Más mó líon na n-iarratas in aon chatagóir ná líon na spásanna ar fáil don chatagóir sin, cuirfear na hiarrthóirí go léir sa chatagóir sin in ord dáta breithe.

## An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

1. Freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí,
2. Íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil.
3. Cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta seachas de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht.
4. Gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta.
5. Ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála.
6. an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála.

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

## Cinntí ar iarratais

Béidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Gaelscoil Inse Chór bunaithe ar na nithe a leanas:

**1.** Polasaí iontrála na scoile

**2.** Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);

**3.** An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil le agus i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil;

Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

## Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i ríomhphost/ scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfear na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

## Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir – treoir don tuismitheoir/chaomhnóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Gaelscoil Inse Chór, ní mór duit an méid a leanas a léiriú:

- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.

- cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

## Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh nó ar féidir tairscint a tharraingt siar dá mbarr.

Ní féidir le Gaelscoil Inse Chór tairiscint iontrála a dhéanamh, nó is féidir tairscint a tharraingt siar, sna cásanna a leanas:

a) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
b) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
c) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
d) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach thuas.

## Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

## Liosta feithimh i gcás ró-iarratais

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Gaelscoil Inse Chór mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Gaelscoil Inse Chórsan ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

## Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

*Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:*

### Clárúcháin sna Naíonáin Shinsearacha

Má bhíonn folúnta(i)s sna Naíonáin Shinsearacha agus níos mó iarratas ar áiteanna ná mar atá folúntas déanfar na háiteanna sin a dháileadh de réir na gcritéar do na Naíonáin Shóisireacha.

### Clárúchán i Ranganna seachas na Naíonáin Shóisearacha agus Shinsireacha

- Glacfar le páistí i ranganna Rang 1 – Rang 6 má tá spás sa rang, agus má shíleann an Príomhoide/Bord Bainistíochta cumas Gaeilge an pháiste a bheith ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar theanga eile chun cumarsáid a dhéanamh. Is faoin tuismitheoir a bheidh sé fianaise chuige seo a chur os comhair an Bhord Bainistíochta leis an iarratas.

- Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas Naíonáin Shóisearacha litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile.

- Má fhaighimid iarratais d'áit i rith na bliana déileálfar leis ag an gcéad chruinniú eile den Bhord Bainistíochta. Má tá folúntas/ folúntais i rang agus níos mó iarratas ná mar atá folúntais cuirfear in ord iad de réir na gcritéar céanna atá leagtha amach thuas do na Naíonáin Shóisireacha. Caithfear fianaise ar leibhéal sásúil líofacht sa Ghaeilge a chur ar fáil sula dtairsceofar áit. Muna nglacann an Bord Bainistíochta leis an bhfianaise, tairsceofar an áit don chéad iarrthóir eile.

- Is ag cruinniú na Bealtaine den Bhord Bainistíochta a dhéileálfar le hiarratais atá faighte roimhe sin don chéad scoilbhliain eile. Déileálfar le hiarratais a thagann ina dhiaidh sin ag aon chruinniú eile roimh shaoire an tSamhraidh. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta údarás don Phríomhoide nó do dhaoine eile déileáil le hiarratais de réir pholasaí na scoile thar a cheann idir chruinniú deireanach na scoilbhliana agus chéad chruinniú na scoilbhliana nua.

## Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Ní ghearrfaidh bord Gaelscoil Inse Chór ná aon duine a ghníomhaíonn thar a ceann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

(I) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó

(II) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

## Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

Beidh cead ag daltaí nach bhfuil ag freastal ar oideachas reiligiúnach fanacht sa rang nó dul chuig rang eile má iarrann an tuismitheoir/caomhnóir é sin. Déanfaidh an páiste obair atá leagtha amach ag an múinteoir, nó obair atá curtha ar fáil ag an tuismitheoir/caomhnóir.Ba cheart go gcuirfidh an tuismitheoir/ Caomhnóir é seo i bhfoirm scríbhneoireachta go dtí príomhoide na scoile.

## An ceart chun athbhreithnithe/achomhairc

### Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir mac léinn iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

**Tabhair faoi deara:** Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

## Ceart achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir mac léinn achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an AIre Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.




Terry Ó Máirtín

Cathaoirleach

Gaelscoil Inse Chór

## Agúisín 1


Phoenix Park
CHAPELIZOD
Ballyfermot
Islandbridge
River Liffey
Kilmainham Gaol
HYBREASAL
INCHICORE
Lansdowne Valley
Pitch and Putt
Dolphins Barn
R112
R148
R833
R111
R839
R811
R810
R110
R101
R805